snasTV

Ros na Rún

Sraith 2: Ceacht 7

# "Bungalow Bríd"
# Déagóirí dána

**Tuiscint & forbairt foclóra**
An cheist cheannann chéanna; nach diabhalta an rud é; múineadh …

**Feasacht teanga**
Úsáid an ainm bhriathartha

**Scileanna cumarsáide**
Ag argóint le déagóir/duine fásta

## A: TUISCINT AGUS FORBAIRT FOCLÓRA

### 1. Líon na bearnaí

Féach siar ar an mír físe, más gá, chun na bearnaí a líonadh leis an bhfocal cuí.

| | | |
|---|---|---|
| amuigh/amach | é/ea | damanta/diabhalta |
| múnadh/múineadh | a dhéanamh/á dhéanamh | thíos staighre/thuas staighre |
| uait/uaim | fúmsa/liomsa | í/hí |

**Laoise:** Réiltín Seoighe
**Réiltín:** Céard atá tusa _____________ anseo?
**Laoise:** D'fhéadfainn an cheist cheannann chéanna a chur ortsa!
**Réiltín:** Tá muid ar sos.
**Laoise:** Nach _________________ an rud é agus chuile dhuine eile istigh sa seomra ranga!
**Réiltín:** Bhuel, tá rang saor againn. Tá an múinteoir ______________ tinn
**Boyfriend:** Cé _____ seo?
**Réiltín:** *Girlfriend* mo sheanleaid.
**Boyfriend:** I ndáiríre?
**Laoise:** Gearr ____.
**Boyfriend:** *Alright*, feicfidh mé thú, a Réiltín.
**Laoise:** Feicfidh, muise.
Níl _____________ ná *manners* ar an leaid óg sin.
Eh, ar chaith tusa _____________ toitín ansin?
**Réiltín:** B'fhéidir …oh *frigg* é!
**Laoise:** Céard?
**Réiltín:** Bungalow Bríd.
**Laoise:** Bungalow Bríd?
**Réiltín:** Níl tada ____________.
**Laoise:** Ok, fág _______________ é seo.


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

## 2. Ag argóint

a) Bhí dhá fhrása san fhíseán a chiallaíonn *to be arguing* nó *to be at each other's throats*. Cad iad?

b) An féidir leat smaoineamh ar fhrásaí eile chun *they were arguing* a rá? Seans go mbeadh cuidiú sna focail seo: achrann, éirigh, cogadh?

## 3. Íde béil

An féidir leat an abairt seo a rá ar bhealach eile: Thug sí íde béil di.

## 4. Cur agus cúiteamh

Scríobh amach comhrá beag nó scéal nó sliocht dialainne a dhéanann cur síos ar ócáid amháin nuair a bhí tú ag argóint le duine fásta. Caithfidh tú gach dúblóg a bhí san fhíseán (sa bhosca thíos) a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar an eachtra. Mar shampla:

*Rinne mé botún* ***beag bídeach*** *agus rinne m'athair scéal mór ….*

ag cur is ag cúiteamh

dubh dóite

bréan bailithe

beag bídeach


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# B: FEASACHT TEANGA

**Céard atá tusa a dhéanamh anseo?**

Ar thug tú faoi deara an cheist a chuir Réiltín sa mhír seo? **Céard atá tú a dhéanamh?**

'A dhéanamh' agus ní 'ag déanamh' a bhí aici. Úsáidtear 'ag déanamh' nuair a bhíonn ainmfhocal mar chuspóir aige, cuirtear 'ag' roimh an ainm briathartha, mar shampla 'ag déanamh tae/ag léamh nuachtáin/ag ceol amhráin.' Nuair a bhíonn an fhoirm cheisteach 'céard' (nó 'cad é' nó 'cad') i gceist, is 'a' a bhíonn ann, mar shampla 'Céard atá sí a dhéanamh/a léamh/a cheol?' Féach ar an sampla:

Tá mise ag déanamh mo dhíchill. Céard atá tusa a dhéanamh?

**5.** Léigh na ráitis sa tábla thíos. Sa cholún ar dheis, athscríobh mar cheisteanna iad.

| Ráiteas | Ceist |
|---|---|
| a) Tá mé ag lorg mo chuid eochracha. | Céard atá tú **a lorg**? (lorg) |
| b) Tá sí ag ól caife. | Céard atá sí ________? (ól) |
| c) Tá sí ag caitheamh léine. | Níl a fhios agam céard atá sí ________. (caith) |
| d) Bhí siad ag léamh fógra. | Céard a bhí siad ________? (léigh) |
| e) Bhí mé ag rá rud éigin. | Céard a bhí mé ________? (abair) |
| f) Tá sé ag ceol amhrán grá. | Céard atá sé ________? (ceol) |

**6.** Ar ndóigh, tá bealach eile leis na habairtí thuas a rá freisin. Léigh na ráitis sa tábla thíos. Sa cholún ar dheis, athscríobh mar cheisteanna iad. Féach ar an sampla.

Tá tú ag déanamh béile. = Céard atá **á** d**h**éanamh **agat**?

| Ráiteas | Ceist |
|---|---|
| g) Tá mé ag lorg mo chuid eochracha. | Céard atá **á lorg agat**? |
| h) Tá sí ag ól caife. | Céard atá ________? |
| i) Tá sí ag caitheamh léine. | Níl a fhios agam céard atá ________. |
| j) Bhí siad ag léamh fógra. | Céard a bhí ________? |
| k) Bhí mé ag rá rud éigin. | Céard a bhí ________? |
| l) Tá sé ag ceol amhrán grá. | Céard atá ________? |


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# C: CUMARSÁID

1. **Ransú intinne**

   Pléigh na ceisteanna thíos faoi shaol déagóra leis na daoine eile sa ghrúpa. Ceapaigí duine amháin ón ngrúpa chun nótaí a scríobh mar beidh bhur gcuid tuairimí agus frásaí ag teastáil ar ball beag.

   a) San fhíseán, bhí Réiltín i dtrioblóid toisc go raibh sí ag caitheamh tobac agus í ag tógáil lá faoin tor. Cé na cúiseanna eile a mbíonn déagóirí i dtrioblóid?
   b) Cén sórt leithscéalta a bhíonn ag déagóirí nuair a chaithfidh siad a n-iompar féin a chosaint? Smaoinígí ar na pointí a phléigh sibh faoi cheist (a).
   c) An cuimhin libh na bealaí a bhí sa mhír chun ***I wasn't born yesterday*** agus a leithéid a rá as Gaeilge? An féidir libh cur leis na frásaí sin?
   d) An cuimhin libh na bealaí eile a bhí san fhíseán a d'fhéadfadh tuismitheoir nó múinteoir a úsáid chun míshástacht a chur in iúl? m.sh. 'Éirigh as!' srl.? An bhfuil aon cheann eile agaibh féin?

2. **Rólghníomhaíochtaí**

   Bígí ag obair i mbeirteanna anois. Agus an obair ullmhúcháin thuas ar fad déanta agaibh, tugaigí faoi na rólghníomhaíochtaí seo a leanas. Tógfaidh duine amháin ról an déagóra agus an duine eile ról an mhúinteora/an tuismitheora i ngach ceann. Bígí cinnte róil a mhalartú le haghaidh gach rólghníomhaíochta.

   a) Beireann do mháthair ort agus tú ag tógáil lá faoin tor (ag múitseáil).
   b) Feiceann d'athair tú ag caitheamh toitín amach an fhuinneog.
   c) Rugadh ort i gcóisir nuair nár tugadh cead duit dul ann.
   d) Ligeann tú ort féin go bhfuil tú tinn mar níl fonn ort dul chun na scoile. Ní chreideann do mháthair thú.
   e) Teipeann ort i scrúduithe an tsamhraidh, arís! Ní mó ná sásta atá do thuismitheoirí.


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# FREAGRAÍ

## A: TUISCINT & FORBAIRT FOCLÓRA

### 7. Líon na bearnaí

| | |
|---|---|
| Laoise: | Réiltín Seoighe |
| Réiltín: | Céard atá tusa **a dhéanamh** anseo? |
| Laoise: | D'fhéadfainn an cheist cheannann chéanna a chur ortsa! |
| Réiltín: | Tá muid ar sos. |
| Laoise: | Nach **diabhalta** an rud é agus chuile dhuine eile istigh sa seomra ranga! |
| Réiltín: | Bhuel, tá rang saor againn. Tá an múinteoir **amuigh** tinn |
| Boyfriend: | Cé **hí** seo? |
| Réiltín: | *Girlfriend* mo sheanleaid. |
| Boyfriend: | I ndáiríre? |
| Laoise: | Gearr **é**. |
| Boyfriend: | *Alright*, feicfidh mé thú, a Réiltín. |
| Laoise: | Feicfidh, muise. |
| | Níl **múineadh** ná *manners* ar an leaid óg sin. |
| | Eh, ar chaith tusa **uait** toitín ansin? |
| Réiltín: | B'fhéidir …oh *frigg* é! |
| Laoise: | Céard? |
| Réiltín: | Bungalow Bríd. |
| Laoise: | Bungalow Bríd? |
| Réiltín: | Níl tada **thuas staighre**. |
| Laoise: | Ok, fág **fúmsa** é seo. |

### 8. Ag argóint

a) In adharca a chéile. / Ag sárú ar a chéile.
b) Bhí sé ina achrann eatarthu. / D'éirigh eatarthu. / Bhí sé ina chogadh dearg eatarthu.

### 9. Íde béil

Thug sí íde na muc agus na madraí di. / Thug sí léasadh teanga di.

### 10. Cur agus cúiteamh

Iarr ar na foghlaimeoirí an méid a scríobh siad a rá os comhair an ranga. Mar shampla:

*Rinne mé botún **beag bídeach** agus rinne m'athair scéal **mór millteach** as. Chuala mé é **ag cur agus ag cúiteamh** le mo mháthair faoi. Ach tá mise **go huile is go hiomlán bréan bailithe** den tslí a mbíonn sé ag tabhairt léasadh teanga dom. Leis an bhfírinne a rá, tá mé **dubh dóite** den bheirt acu.*


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# B: FEASACHT TEANGA

**11.** Féach:

a) Tá mé **ag lorg** mo chuid eochracha. Céard atá tú **a lorg**?
b) Tá sí **ag ól** caife. Céard atá sí **a ól**?
c) Tá mé **ag caitheamh** léine. Níl a fhios agam céard atá mé **a chaitheamh**.
d) Bhí siad **ag léamh** fógra. Céard a bhí siad **a léamh**?
e) Bhí mé **ag rá** rud éigin. Céard a bhí mé **a rá**?
f) Tá sé **ag ceol** amhrán grá. Céard atá sé **a cheol?**

**12.** Is féidir na pointí seo a rá leis na foghlaimeoirí roimh ré más gá:

Caithfidh na forainmneacha réamhfhoclacha agam, agat, aige srl. a bheith ag teacht leis an bhforainm san abairt. Mar shampla: Céard atá **tú** a dhéanamh?: tú = agat.

- Struchtúr eile ar fad a bhíonn ann nuair a chuirtear 'agam', 'agat' srl. isteach sa scéal. Féach ar na samplaí thíos:

  Bhí tae á dhéanamh agam.
  Tá nuachtán á léamh aici.
  Bhí amhrán á cheol againn.

- Tabhair faoi deara go bhfuil 'á' tagtha in áit 'a'. Féach an rud a tharlaíonn nuair a chuirtear Béarla ar na samplaí:

  Tea was being made by me.
  A newspaper was being read by her.
  A song was being sung by us.

- Tugtar 'an fhaí chéasta' ar an struchtúr seo sa Ghaeilge. *Passive voice* a deirtear i mBéarla.

**13.** Beidh séimhiú ar an mbriathar (más féidir) tar éis **á** sna cásanna seo ar fad mar is ceisteanna iad.

a) Tá mé **ag lorg** mo chuid eochracha. Céard atá **á lorg agat**?
b) Tá sí **ag ól** caife. Céard atá **á ól aici**?
c) Tá mé **ag caitheamh** léine. Níl a fhios agam céard atá **á chaitheamh agam**.
d) Bhí siad **ag léamh** fógra. Céard a bhí **á léamh acu**?
e) Bhí mé **ag rá** rud éigin. Céard a bhí **á rá agam**?
f) Tá sé **ag ceol** amhrán grá. Céard atá **á cheol aige**?


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# C: CUMARSÁID

1. **Ransú intinne**
    a) Lá a chaitheamh faoin tor, ag caitheamh tobac, ag ól, a bheith dímhúinte, easpa measa a léiriú, bulaíocht, tromaíocht, caimiléireacht, brionnú (*forging*), ag insint bréag, ag glacadh drugaí, ag ól alcóil srl.
    b) Ní ormsa a bhí an locht. / Ní mise a bhí ann. / Ní mise an t-aon duine a bhí ann. / Níl sé sin cothrom. / Níl sé sin féaráilte. / Mise i gcónaí a bhíonn thíos leis.
    c) Níor tháinig mé isteach leis an lán mara. / Ní inniu ná inné a rugadh mé. / An gceapann tú gur amadán mé? / Ná ceap gur féidir leat an dubh a chur ina gheal ormsa. / Ní faoi chliabh a tógadh mé. / Ní leanbh ó aréir mé.
    d) Éirigh as, maith an fear! / Tá mo sháith agam de do chuid amaidí-se. / A leithéid de shotal! Nach agatsa atá an muineál! / Nach dána an mhaise duit (é)! / Nach tú atá dána. / Mór an náire thú! / Is móide do náire é. / Nach dána an aghaidh atá ort.

2. **Rólghníomhaíochtaí**
    Tabhair tamall maith cainte do gach beirt anois na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh. Iarr orthu an t-ábhar ar fad ón rang a úsáid agus iad ag caint. Bí ag siúl timpeall ag cuidiú leo. Iarr ar gach beirt rólghníomhaíocht amháin a dhéanamh os comhair an ranga.


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# AN SCRIPT

### Intreoir

**Fáilte chuig SnasTV Ros na Rún, Sraith 2, Ceacht 7. Bungalow Bríd – Déagóirí Dána.**

An aingeal nó diabhal a bhí ionat agus tú i do dhéagóir? Nó más déagóir thú go fóill, an mbíonn tú i dtrioblóid le daoine fásta go minic? Sa cheacht seo feicfidh muid Laoise agus Réiltín in adharca a chéile arís! *Locking horns again*. Tá Réiltín ag tógáil lá faoin tor, tá sí ag múitseáil, agus ag caitheamh toitín, nuair a thagann Laoise uirthi. Nach mór an náire í! *Laoise finds rebellious Réiltín up to no good and is furious with her.* Féach ar an mhír anois agus cuir cluas ort féin don teanga a úsáidtear inti agus an bheirt ag sárú ar a chéile.

### An mhír físe ó Ros na Rún

Laoise: Réiltín Seoighe!
Réiltín : Céard atá tusa a dhéanamh anseo?
Laoise : D'fhéadfainn an cheist cheannann chéanna a chur ortsa!
Réiltín : Tá muid ar sos.
Laoise: Nach diabhalta an rud é agus chuile dhuine eile istigh sa seomra ranga!
Réiltín: Bhuel, tá rang saor againn. Tá an múinteoir amuigh tinn.
Boyfriend: Cé hí seo?
Réiltín: *Girlfriend* mo sheanleaid.
Boyfriend: I ndáiríre?
Laoise: Gearr é.
Boyfriend: *Alright*, feicfidh mé thú, a Réiltín.
Laoise: Feicfidh, muise.
Níl múineadh ná *manners* ar an leaid óg sin.
Eh, ar chaith tusa uait toitín ansin?
Réiltín: B'fhéidir …oh *frigg* é!
Laoise: Céard?
Réiltín: Bungalow Bríd.
Laoise: Bungalow Bríd?
Réiltín: Níl tada thuas staighre.
Laoise: Ok, fág fúmsa é seo.

### Ar thuig tú?

- An cheist cheannann chéanna – *the exact same question.*
- Nach diabhalta an rud é, nach ait – *isn't that funny(strange).*
- Mo sheanleaid – *my old man,* m'athair.
- Gearr é – *get out of here*.
- Níl múineadh ná *manners* air – *he's very rude*. Tá sé an-drochbhéasach/tá sé an-mhímhúinte.
- Ar chaith tusa uait toitín? *Did you throw away a cigarette?*
- Níl tada thuas staighre. *There's nothing upstairs*.
- Ouch! Tá an bhean óg seo fíochmhar. *She's fierce altogether*!
- Fág fúmsa é – *leave it to me*.


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**Spotsolas ar an gcumarsáid**

Caithfidh muid spotsolas anois ar roinnt frásaí a chloistear nuair a bhíonn déagóirí dalba agus daoine fásta in adharca a chéile. *We will look at some of the language that is used when there is a conflict between a teenager and someone in authority*.

'Réiltín Seoighe' a thug Laoise ar Réiltín. Bhain sí úsáid as a sloinne. *Never a good sign*. Ach tá go leor bealaí ann freisin chun *you rascal* a rá. Tá súil agam nár chuala tú na cinn seo.

| | |
|---|---|
| A mhaistín | You brat! |
| A dhiabhailín | You little divil! |
| A bhroghais, a leiciméir | You lazy thing! |
| A rógaire | You rogue/rascal! |
| A chailín | Madam! |
| A bhuachaill | Young man! |

An cuimhin leat na leithscéalta a bhí ag Réiltín nuair a rugadh uirthi? Bhí cúpla ceann aici:

Tá muid ar sos.
Tá rang saor againn.
Tá an múinteoir amuigh tinn.

Cad é a déarfá féin dá mbéarfaí ort sa tslí chéanna is a rugadh ar Réiltín sa mhír, nó i gcás eile den chineál sin? Seo cuid de na leithscéalta is coitianta, *the greatest hits*, a bhíonn ag déagóirí.

Ní ormsa atá an locht.
Timpiste a bhí ann.
Ní mise a bhí ann.
Ní mise an t-aon duine amháin a bhí ann.
Níl sé cothrom.
Níl sé féaráilte.

Ach ní haon óinseach í Laoise ar ndóigh, *she's no fool*, agus tá sí go mór in amhras faoi leithscéalta Réiltín. Deir sí 'Nach diabhalta an rud é'. *Funny that. I didn't come down in the last shower* atá i gceist aici. Cén Ghaeilge a bheadh agat ar na frásaí coitianta sin a bhíonn ag tuismitheoirí agus múinteoirí in Éirinn?

| | |
|---|---|
| *I didn't come in the last shower*. | Níor tháinig mé isteach leis an lán mara. |
| *I wasn't born yesterday*. | Ní inniu ná inné a rugadh mé. |
| *What do you take me for?* | An gceapann tú gur amadán mé? |
| | Ná ceap gur féidir leat an dubh a chur ina gheal ormsa. |

Agus níl sí sásta cur suas le hamaidí Réiltín. 'Gearr é', a deir sí leis an leaid óg nach bhfuil múineadh ná *manners air*, dar léi.


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

Cad iad na frásaí eile a d'fhéadfadh tuismitheoir nó múinteoir a rá lena míshástacht a léiriú le déagóir?

| | |
|---|---|
| Éirigh as, maith an fear! | *Stop it, good man!* |
| Tá mo sháith agam de do chuid amaidí-se. | *I've enough of your nonsense.* |
| A leithéid de shotal! | *That's some cheek!* |
| Nach agatsa atá an muineál! | *You've some neck!* |
| Nach dána an mhaise dhuit (é)! | *How dare you!* |

### Ar thug tú faoi deara?

Bhain Laoise agus Réiltín úsáid as dúblóga sa mhír seo. Is é sin an úsáid a bhaintear as péire focal a dhéanann rím le chéile nó a thosaíonn leis an bhfuaim chéanna, ar nós 'ceannann céanna', 'múineadh ná manners' agus 'Bungalow Bríd'. Cén fáth a mbaintear úsáid as dúblóga, dar leat? Chun cur le rím agus rithim na cainte ar ndóigh. Tá an nós seo coitianta sa chaint in go leor teangacha. *Nitty gritty* i mBéarla, *pêle mêle* sa Fhraincis agus seo cúpla sampla eile i nGaeilge:

| | |
|---|---|
| ag cur agus ag cúiteamh | *arguing, talking* |
| dubh dóite | *fed up* |
| bréan bailithe | *sick to death* |
| beag bídeach | *tiny* |
| mór millteach | *huge* |
| go huile is go hiomlán | *absolutely* |

Féach ar an mhír arís leis an ghiob geab ar fad atá inti a thuiscint. Agus más mian leat dul siar ar ábhar an cheachta seo, caith do shúil ar na bileoga ar snas.ie.


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad